CINNEADH (AE) 2023/1841 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 10 Bealtaine 2023

maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an ochtú, an naoú, an deichiú agus an aonú Ciste Eorpach Forbraíochta (CEF) déag don bhliain airgeadais 2021

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do na ráitis airgeadais agus do na cuntais ioncaim agus caiteachais don ochtú, don naoú, don deichiú agus don aonú Ciste Eorpach Forbraíochta déag don bhliain airgeadais 2021 (COM(2022)0321 – C9-0281/2022),

— ag féachaint don fhaisnéis airgeadais maidir leis na Cistí Eorpacha Forbraíochta (COM(2022)321),

— ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ón gCúirt Iniúchóirí maidir leis na gníomhaíochtaí arna gcistiú ag an ochtú, ag an naoú, ag an deichiú agus ag an aonú Ciste Eorpach Forbraíochta déag don bhliain airgeadais 2021, mar aon leis na freagraí ón gCoimisiún ([1]),

— ag féachaint don ráiteas dearbhaithe ([2]) i dtaobh bheachtas na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo, ar ráiteas é a chuir an Chúirt Iniúchóirí ar fáil don bhliain airgeadais 2021, de bhun Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do na moltaí ón gComhairle an 28 Feabhra 2023 maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt don Choimisiún i ndáil le cur chun feidhme oibríochtaí na gCistí Eorpacha Forbraíochta don bhliain airgeadais 2021 (05671/2023 – C9-0056/2023, 05672/2023 – C9-0057/2023, 05673/2023 – C9-0058/2023, 05674/2023 – C9-0059/2023),

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an obair leantach ar urscaoileadh don bhliain airgeadais 2020 (COM(2022)331),

— ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta idir comhaltaí Ghrúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, arna shíniú in Cotonou (Beinin) an 23 Meitheamh 2000 ([3]) agus a leasaíodh in Ouagadougou (Buircíne Fasó) an 22 Meitheamh 2010 ([4]),

— ag féachaint do Chinneadh 2013/755/AE ón gComhairle an 25 Samhain 2013 maidir le comhlachas na dtíortha agus na gcríoch thar lear leis an Aontas Eorpach ('an Cinneadh maidir le Comhlachas Thar Lear') ([5]),

— ag féachaint do Chinneadh (AE) 2021/1764 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 maidir le Comhlachas na dTíortha agus na gCríoch Thar Lear leis an Aontas Eorpach lena n-áirítear caidreamh idir an tAontas Eorpach de pháirt, agus an Ghraonlainn agus Ríocht na Danmhairge den pháirt eile (an Cinneadh maidir le Comhlachas na dTíortha Thar Lear, lena n-áirítear an Ghraonlainn) ([6]),

— ag féachaint d'Airteagal 33 de Chomhaontú Inmheánach an 20 Nollaig 1995 idir ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh sa Chomhairle, maidir le maoiniú agus riar scéim cabhrach an Chomhphobail faoin Dara Prótacal Airgeadais a ghabhann le ceathrú Coinbhinsiún ACC-CE ([7]),

— ag féachaint d'Airteagal 32 de Chomhaontú Inmheánach an 18 Meán Fómhair 2000 idir Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh sa Chomhairle, maidir le Maoiniú agus Riar Scéim Cabhrach an Chomhphobail faoin bPrótacal Airgeadais a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta idir comhaltaí Ghrúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, arna shíniú in Cotonou (Beinin) an 23 Meitheamh 2000 agus maidir le leithroinnt cúnaimh airgeadais do na Tíortha agus na Críocha Thar Lear a bhfuil feidhme ag Cuid a Ceathair de Chonradh CE maidir leo ([8]),

([1]) IO C 391, 12.10.2022, lch. 6.
([2]) IO C 400, 17.10.2022, lch. 170.
([3]) IO L 317, 15.12.2000, lch. 3.
([4]) IO L 287, 4.11.2010, lch. 3.
([5]) IO L 344, 19.12.2013, lch. 1.
([6]) IO L 355, 7.10.2021, lch. 6.
([7]) IO L 156, 29.5.1998, lch. 108.
([8]) IO L 317, 15.12.2000, lch. 355.

— ag féachaint d'Airteagal 11 de Chomhaontú Inmheánach an 24 agus an 26 Meitheamh 2013 idir Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, ag teacht le chéile dóibh sa Chomhairle, ar mhaoiniú scéim cabhrach an Aontais Eorpaigh faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil don tréimhse 2014 go 2020, i gcomhréir le Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, agus ar leithroinnt cúnaimh airgeadais do na Tíortha agus na Críocha Thar Lear a bhfuil feidhm ag Cuid a Ceathair den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leo ([9]),

— ag féachaint d'Airteagal 319 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint d'Airteagal 74 de Rialachán Airgeadais an 16 Meitheamh 1998 is infheidhme maidir le comhar airgeadais forbraíochta faoi cheathrú Coinbhinsiún ACC-CE ([10]),

— ag féachaint d'Airteagal 119 de Rialachán Airgeadais an 27 Márta 2003 is infheidhme maidir leis an 9ú Ciste Forbraíochta Airgeadais ([11]),

— ag féachaint d'Airteagal 50 de Rialachán (CE) Uimh. 215/2008 ón gComhairle an 18 Feabhra 2008 maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir leis an 10ú Ciste Eorpach Forbraíochta ([12]),

— ag féachaint d'Airteagal 48 de Rialachán (AE) 2015/323 ón gComhairle an 2 Márta 2015 maidir leis an rialachán airgeadais is infheidhme maidir leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta ([13]),

— ag féachaint d'Airteagal 42 de Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle an 26 Samhain 2018 maidir leis an rialachán airgeadais is infheidhme maidir leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2015/323 ([14]),

— ag féachaint do Riail 99 agus don tríú fleasc de Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Fhorbairt,

— ag féachaint do thuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0114/2023),

1. ag deonú urscaoileadh don Choimisiún i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an ochtú, an naoú, an deichiú agus an aonú Ciste Eorpach Forbraíochta déag don bhliain airgeadais 2021;

2. ag leagan amach a barúlacha sa rún anseo thíos;

3. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo agus an rún atá ina chuid dhílis de a chur chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig an gCúirt Iniúchóirí agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta, agus a shocrú go ndéanfar iad a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L).

An tUachtarán
Roberta METSOLA

An tÁrd-Rúnaí
Alessandro CHIOCCHETTI

([9]) IO L 210, 6.8.2013, lch. 1.
([10]) IO L 191, 7.7.1998, lch. 53.
([11]) IO L 83, 1.4.2003, lch. 1.
([12]) IO L 78, 19.3.2008, lch. 1.
([13]) IO L 58, 3.3.2015, lch. 17.
([14]) IO L 307, 3.12.2018, lch. 1.